# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**24ú Bealtaine 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

## AIFRINN NA SEACHTAINE

**23.05** Satharn 12 i.n.
An Chéad Chomaoineach
**23.05** Satharn 7 i.n.
**24.05** Domhnach 9 r.n.
**24.05** Domhnach 11 i.n
**25.05** Luain 7 i.n.
**26.05** Máirt 10 r.n.
**27.05** Céadaoin 7 i.n.
**28.05** Déardaoin 7 i.n.
**29.05** Aoine 7 i.n
**30.05** Satharn 7 i.n.
Mary Anne McCafferty, An Bhealtaine
**31.05** Domhnach 9 r.n.
**31.05** Domhnach 11 i.n

**BÁS LE GAIRID**
John Joe Mc Cafferty, Glais a'Chú
Margaret Sweeney Bealtaine/ Árainn Mhór
Willie Coyle, An Mhínbhuí / San Francisco.

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE**
Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

**CUMANN N. UINSIONN DE PÓL –** Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 1965933.

**PAIDRÍN**
Beidh paidrín ag Grotto Machaire Rabhartaigh achan Déardaoin i rith na Bealtaine @ 8.00 i.n.

**DÁTAÍ DON DIALANN**
**26.07.2026–Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.**

**CRUINNIÚ AIRGID**
Tógadh €1,860 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE** -
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.
PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

## DOMHNACH CINCÍSE A B C

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as Gníomhartha na nAspal. 2:1-11**

Nuair a tháinig lá na Cincíse, bhí na hAspail uilig cruinnithe le chéile in aon áit amháin. Tháinig tormán ó neamh go tobann, mar a bheadh gaoth an-láidir ann, agus líon sé an teach ina raibh siad ina suí. Taispeánadh daofa mar bheadh teangacha scoilte tine ann, agus luigh ar gach duine acu. Líonadh iad uilig leis an Spiorad Naomh, agus thoisigh siad a chaint i dteangacha éagsúla, de réir mar a thug an Spiorad Naomh daofa labhairt. Bhí Giúdaigh ina gcónaí i Iarúsailéim, fir chráifeacha as gach náisiún faoin spéir. Nuair a chuaigh a gháir sin amach, chruinnigh an slua i gceann a chéile, agus bhí siad tógtha agus fríd a chéile go mór ina n-intinn mar gur chuala gach duine acu iad ag caint ina dteanga féin. Bhí uafás agus iontas orthu uilig, agus dúirt siad: "Féach! nach Gailíligh iad seo uilig atá ag caint. Cad é mar chuala muid, gach duine againn, a theanga féin inár rugadh sinn? Páirtigh, Méidigh agus Eilimítigh; muintir na Measapatáime, Iúdáia agus na Capadóicia, an Phontais agus na hÁise, na Frigia agus na Paimfília, na hÉigipte agus cheantar Libia thart faoin Chiréine; agus coimhtigh na Róimhe; Giúdaigh fosta, agus Comhaltaí nua, Créitigh agus Arabaigh; chuala muid iad ag labhairt inár dteangacha féin ar oibreacha iontacha Dé".
" **Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**
Cuir amach uait do Spiorad, a Thiarna,
agus déan aghaidh na talún a athnuachan.

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as céad litir Naomh Pól chuig na Coirintigh.**

A bhráithre, ní féidir d'aon duine a rá: 'Is é Íosa an Tiarna,' ach amháin tríd an Spiorad Naomh.
Anois is iomaí cineál bua atá ann, ach níl ann ach an t-aon Spiorad amháin; agus is iomaí cineál freastalachta atá ann, agus is é an Tiarna céanna é; agus is iomaí cineál gnímh atá ann, ach is é an Dia céanna a bhíonn ag oibriú gach uile chás. An léiriú a dhéantar ar an Spiorad i ngach duine ar leith, is chun tairbhe an phobail mhóir é. Faoi mar is aon ní amháin an corp, bíodh go bhfuil mórán ball ann, agus nach bhfuil sna baill go léir, bíodh go bhfuil mórán acu ann, ach an t-aon chorp amháin, is mar a gcéanna ag Críost é. Mar cibé acu Giúdaigh nó Gréagaigh sinn, saor nó daor, baisteadh an uile dhuine againn leis an aon Spiorad amháin, isteach san aon chorp amháin agus tugadh an t-aon Spiorad amháin dúinn le hól.
**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleluia, alleluia!**
Tar, a Spioraid Naoimh,
líon croíthe na gCríostaithe,
agus las iontu tine do ghrá. Alleluia!

**SOISCÉAL**
**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Eoin. 20:19-23.**
Tráthnóna an lae chéanna sin, an chéad lá den tseachtain, bhí na doirse druite sa tseomra a raibh na deisceabail ann, ar eagla na nIúdach, agus tháinig Íosa agus sheasaigh sé ina measc agus dúirt leo:
"Síocháin daoibh!
Amhail mar a chuir an tAthair mise,
tá mise bhur gcursa anois."
Arna rá sin dó, shéid sé a anáil orthu agus dúirt leo:
"Glacaigí an Spiorad Naomh.
Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh,
beidh siad maite dóibh:
Na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí,
beidh a bpeacaí coinnithe."

**FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**HALLA NA PARÓISTE**
Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*
Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.
Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12
Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.
Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.
Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011
**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.
**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599
**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991
**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596
**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**
**Dé Sathairn** 23/05 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 24/05 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh
**Dé Domhnaigh** 24/05 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**Dé Sathairn** 30/05 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir
**Dé Domhnaigh** 31/05 @ 9.00:
**Dé Domhnaigh** 31/05 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Eibhlín Ní Chuireáin (Scanlon)
Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Dolores Mhic Géidigh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain
**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Meitheamh**
Dé Sathairn @ 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Coyle
Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Bríd Mc Curry & Nóirín Nic Aoidh
Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain & Pearse O'Reilly

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**

Cruinniú Cinn Bliana 11/06/2026
Beidh fáilte roimh an Phobal uilig
Dé Luain: Glígíní (Grúpa Tuismitheoirí & Tachráin) 10-11.30 r.n.
Dé Máirt Damhsa Líne @ 6.30 -8
Dé Céadaoine: Mná Phort Mhaise @ 10-12 r.n
Déardaoin: Aeróbaice Chathaoir @ 11-12 i.n. Aeróbaic Chéime @ 12-12.30
Bhain Graceann McFaden,Bun a'Leaca €146 ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

**Seanscoil Ghort a' Choirce**
Tá coiste curtha ar bun le bail a chur ar an Seanscoil i nGort a'Choirce. Mar chuid den taighde, beidh muid ag cuartú tuairimí an phobail fá cén dóigh a dtiocfadh linn, mar phobal, an tSeanscoil a úsáid dá mbeadh sé uilig cóirithe. Beidh suirbhé ag teacht amach i gceann traidhfil seachtaine agus tá muid ag iarraidh tacaíocht an phobail leis seo le go dtig linn iarratas láidir a dhéanamh ar na deontais atá ar fáil.
Tuilleadh eolais amach anseo.

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**
Lotto:Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas le Kathleen Brady, Bridie Mc Connell agus Gretta Scott a bhain €50 an duine.B'iad : 2-3-6-12-13-14 na huimhreacha.Póta óir anois €3,650